## Réamhrá



Is í seo an dara Plean Póilíneachta bliantúil uaim mar Choimisinéir an Gharda Síochána. Is í aidhm an phlean seo tús a chur le próiseas faoin bhfeidhmeofar na spriocanna straitéiseacha a leagadh amach i Straitéis Chorparáideach an Gharda Síochána 2005-2007 ina ngeallaimid *"Éire níos Sábháilte trí Shárphóilíneacht"* agus an dá riachtanas Muinín an Phobail agus Sábháilteacht an Phobail a bhaint amach ar fud na tíre seo. Tógtar san áireamh sa Phlean Póilíneachta na tosaíochtaí a aithníodh i Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail agus i bpróiseas leathan comhairliúcháin

Beartas ardaidhmeannach é seo nuair is dealraitheach nach maolóidh na dúshláin atá romhainn i gcónaí sa timpeallacht phoiblí síoréilitheach ina bhfeidhmímid. Ach tá deiseanna nach beag ar fáil chomh maith i láthair na huaire don eagraíocht s'againne agus mar sin is riachtanach go mbeadh ár seirbhís phóilíneachta dea-phleanáilte agus seachadta ar an gcaoi is fearr laistigh de chomhthéacs tacaíochta pobail agus poiblí ar bhealach cothrom, cóir agus neamhchlaonta. Chuige seo thugamar faoi phróiseas comhairliúcháin fadréimsitheach go hinmhéanach agus go seachtrach leis na tosaíochtaí póilíneachta is tábhachtaí do mhuintir na hÉireann a aithint. Tá bearta agus táscairí feidhmíochta maidir le réadú na dtosaíochtaí seo imlínithe ar leathanaigh 3-14.

Tá beartaithe againn ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach tráthúil, gairmiúil agus cuntasach a théann i gceann agus a chomhlíonann na hoibleagáidí agus na dualgais iomadúla a ghabhann le póilíniú i sochaí nua-aimseartha. Leanfar ag tabhairt tosaíocht do choireacht agus d'iompraíocht choiriúil, d'iompraíocht tráchta ar bhóithre, do sceimhlitheoireacht agus do ghníomhaíocht threascrach, do mhí-ord poiblí, d'úsáid mídhleathach drugaí, do ghníomhaíocht frithshóisialta agus do chúraimí poiblí eile agus ag tabhairt a ndúshlán. Léiríonn siad seo, in éineacht lenár meas ar Chearta an Duine, ár ngealltanas i leith bainteachas leis an bpobal, éagsúlacht eitneach agus chultúrtha agus cur chuige comhpháirtíochta, ár mandáid phoiblí, agus cruthófar timpeallacht níos sábháilte le haghaidh lucht cónaithe uile na tíre seo dá mbarr.

Is é a dhéantar i bPlean Póilineachta 2005:

- Imlínítear ar ár mbeartas póilíneachta don bhliain agus leagtar síos táscairí feidhmíochta intomhaiste
- Cuirtear tús le feidhmiú Straitéis Chorparáideach an Gharda Síochána 2005-2007
- Tiontaítear an intinn straitéiseach pleanála is riachtanach le haghaidh eagraíocht nua-aimseartha agus beoga ar nós an Gharda Síochána, go comhthéacs oibriúcháin.
- Déantar soláthar le haghaidh sioncrónú agus ailíniú ar fud na heagraíochta le cur chuige fócasaithe agus comhordaithe a chinntiú i leith seachadadh agus gnóthú spriocanna na heagraíochta.
- Léirítear ar ár dtiomantas i leith cur chuige comhpháirtíochta

Noel O Conáire
Coimisinéir

Eanáir 2005

## Sprioc Straitéiseach a hAon - Slándáil Náisiúnta/Idirnáisiúnta

**Bagairt na gníomhaíochta treascraí agus sceimhleitheora a laghdú trí phóilíniú faisnéis-threoraithe agus chomhoibriú idirnáisiúnta.**

### Bearta 2005

Seo mar a dhéanfaidh an Garda Síochána:

1. Faisnéis ar amhrasóirí treascracha agus sceimhlitheora agus a ngníomhaíochtaí a bhailiú, a anailísiú aagus a scaipeadh. Mionteagaisc rialta a chur ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
2. Lucht gníomhaíochtaí treascracha agus sceimhlitheora a aimsiú agus a ionchúiseamh.
3. Deiseanna a lorg go réamhghníomhach le bheith rannpháirteach i bhfora idirnáisiúnta a éascóidh cruinniú faisnéise, agus comhshamhlú na gcleachtas is fearr.
4. A chinntiú go meastar agus go scaoiltear faisnéis chriticiúil trí ailíniú na hOifige Náisiúnta Faisnéise Coiriúla le hOifigigh Rannacha Faisnéise Coiriúla .
5. Nósanna imeachta atá cheana ann agus torthaí tuarascála a athbhreithniú faoin gCóras Bainistíochta Faisnéise (C.B.F.) agus torthaí a thuairisc faoi lár 2005.
6. A bheith rannpháirteach i 10 ngníomhaíocht idirnáisiúnta póilíneachta frith threascróra/ sceimhleitheora ar a laghad.
7. Riachtanais oilíúna a aithint, agus rannpháirtíocht an Gharda Síochána a chinntiú ar chúrsaí oiliúna friththreascóra/sceimhlitheora.
8. A chinntiú go mbíonn gach comhalta den Gharda Síochána láneolach faoi nósanna imeachta aontaithe atá bainteach le gníomhaíochtaí treascracha/sceimhlitheora.
9. An t-údarás lárnach ag an Rannóg Bheartas Coireachta & Riaracháin, Ceanncheathrú an Gharda Síochána a fheabhsú i dtaca le hiarratais ar chúnamh ó/chuig seirbhísí póilíneachta seachtracha.
10. Feasacht a mhéadú sa Gharda Síochána maidir leis an ngá le rannpháirtíocht forleathan agus ról an uile chomhalta sa phróiseas cruinnithe faisnéise.
11. Ár gcion féin a thairiscint don díospóireacht maidir le hachtachán na reachtaíochta ina ndéantar soláthar do chruthú bonnachair shonraí DNA.
12. Leanúint den bheartas again ar láimhseáil gníomhairí a fheabhsú le trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr a chinntiú.
13. Measúnú ar phriacail a dhéanamh ar dhaoine agus suiteálacha stáit a d'fhéadfadh ionsaí treascrach/sceimhlitheoireacha a fhulaingt.

## Tascairí Feidhmíochta 2005

- Feillbhearta sceimhlitheoireachta a chosc sa Stát.
- Measúnú laethúil a dhéanamh ar bhagairtí dealraitheacha treascracha agus sceimhlitheoireachta.
- Measúnaithe ar bhagairtí reatha agus tráthúla a sholáthar don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
- Uimhir na ndaoine a chúisítear i ngníomhaíocht treascrach/sceimhlitheoireachta.
- Gníomhaíocht sceimhlitheoireachta paramíleata/easaontaí in Éirinn a choimeád faoi smacht.
- Tacú le hiarrachtaí idirnáisiúnta leis an sceimhlitheoireacht a chloí.
- Méid an aiseolais ó ghníomhaireachtaí coigríochacha faisnéise.
- Nósanna imeachta athcheartaithe a thabhairt isteach le haghaidh láimhseála gníomhairí.
- Líon na dtuairiscí faisnéise ó eagraíocht an Gharda Síochána
- Uimhir na gcomhoibríochtaí/cruinnithe idir An Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann i dtaca le Slándáil Stáit.
- Uimhir na gcomhoibríochtaí/cruinnithe idir An Garda Síochána agus Seirbhísí Póilíneachta agus Gníomhaireachtaí Feidhmithe Dlí eile.
- Uimhir na measúnaithe slándála i dtaca le daoine agus suiteálacha stáit.
- Uimhir na n-oibríochtaí slándála i dtaca le cuairteoirí móra le rá.

## Sprioc Straitéiseach a Dó - Coireacht

**Minicíocht na coireachta eagraithe, bainteach le drugaí, agus mórchúisí a laghdú agus iompar choiriúil a laghdú chomh maith**

### Bearta 2005

Seo mar a dhéanfaidh An Garda Síochána:

1. Measúnú réigiúnach ardleibhéal priacail a dhéanamh i dtaca le spriocanna/ceantair ar lagchuidiú i ngach réigiún.
2. Pleananna roinne a fhorbairt le daoine aonair/buíonta a mheastar a bheith páirteach i gcoireacht eagraithe, coireacht atá bainteach le drugaí, coireanna gnéasacha foréigneacha, agus i ngníomhaíocht choiriúil eile a aithint, a phróifíliú agus díriú orthu.
3. Torthaí ó mheasúnachaí riosca agus proifílí de dhaoine/bhuíonta a bhfuiltear ag díriú orthu a úsáid mar bhunús le straitéisí coiscthe coireachta.
4. Tionscnaimh rannacha a fhorbairt i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta d’Ógchiontóirí le dul i gceann ógchiontóirí.
5. Leanúint d'inniúlacht náisiúnta/réigiúnach/rannach a fhorbairt i leith bhainistíocht ar imscrúduithe coire.
6. An tIdirlíon a fhorbairt agus a úsáid le daoine ar iarraidh a fhógairt agus le faisnéis a lorg.
7. A chinntiú go gcuireann rannóg TF an Gharda Síochána agus an fhoireann tionscadail ábhartha tús le forbairt córas bainistíochta um imscrúduithe coire ríomhairithe.
8. Samhailchreat den chleachtas is fearr a fhorbairt le haghaidh comhaltaí den Gharda Síochána a bheas páirteach i gComhfhóraim Phóilíneachta in 2005, agus an t-athbhreithniú seo ar fhóraim phóilíneachta mar bhonn leis.
9. Leanúint den “Chairt Íospartach” a fheidhmiú agus a chinntiú go gcosnaítear príobháid íospartach.
10. A chinntiú go bhforbraíonn roinn FT an Gharda Síochána agus an fhoireann tionscadail ábhartha córas anailíse ar choireanna don eagraíocht.
11. Treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint i gcineálacha coire mar chiobarchoireacht, coireacht bhóna bháin, coireacht péidifileach, gáinneáil i ndaoine/meirdreachas eagraithe, coireanna in aghaidh mionlaigh eitneacha agus cíníocha srl.
12. Cinntigh go ndéantar trastoirchiú scileanna idir na rannóga ábhartha den Gharda Síochána ar bhonn aonair agus foirne trí oiliúint agus fhoghlaim bunaithe ar thaithí.
13. Rochtain a lorg ar shonraí atá bainteach le himscrúduithe coiriúla tríd: an tSeirbhís Phríosún, an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh, Na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Oideachais srl.
14. A chinntiú go mbíonn faisnéis a thagann isteach sa Gharda Síochána ar fáil i gcónaí ag gach pointe ar fud na heagraíochta.

## Táscairí Feidhmíochta 2005

- Uimhir na gcoireanna gnéasacha agus an céatadán braite.
- Uimhir na dtionscnamh coiscthe coireachta a tosaíodh.
- Uimhir na n-atreoruithe chuig an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí, na rabhadh neamhfhoirmeáilte agus foirmeáilte a tugadh agus na n-ionchúiseamh a tionscnaíodh.
- Uimhir na ndaoine tuairiscithe ar iarraidh, an uimhir a frítheadh agus nár frítheadh.
- Cionta soláthair drugaí: uimhir na ngabhálacha, na gcuardach, na n-ionchúiseamh agus na gciontú.
- Uimhir na mbuirgléireachtaí teaghlaigh tuairiscithe in aghaidh 1,000 áit chónaithe.
- Céatadán na mbuirgléireachtaí teaghlaigh tuairiscithe braite.
- Uimhir na nathbhuirgléireachtaí laistigh de 12 mhí.
- Uimhir na mbuirgléireachtaí tráchtála taifeadta.
- Uimhir na mbuirgléireachtaí tráchtála taifeadta a braitheadh.
- Coireanna feithicle in aghaidh 1,000 daonra.
- Céatadan coireanna feithicle braite.
- Uimhir na dteagmhas foréigin teaghlaigh tuairiscithe.
- Uimhir na sáruithe orduithe arna ndéanamh faoin Acht um Fhoréigin Teaghlaigh 1996/02.
- Uimhir na n-athíospartach de theagmhais fhoréigin teaghlaigh tuairiscithe sa dá mhí déag deiridh.
- Feidhmiú na mbearta ábhartha faoi Straitéis Drugaí an Rialtais 2001 - 2008.
- Urghabháil sócmhainní coireachta ag an mBiúró Sócmhainní Coiriúla.
- Éifeachtúlacht na faisnéise a ghinfí trí scéimeanna Faire Cósta.
- Uimhir na n-oibríochtaí a dhíreoidh ar choireacht eagraithe.
- An deichniúr coirpeach is gníomhaí a aithint mar aon le buíonta coiriúla a fheidhmíonn go náisiúnta.
- Uimhir na gcoireanna a dhéanfar in aghaidh daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha/creidimh.
- Uimhir na n-atreoruithe chuig eagraíocht Tacaíocht d'Íospartaigh.
- Uimhir na nOifigeach Idirchaidrimh Ogchiontóirí.

## Sprioc Straitéiseach a Trí – Trácht

**Minicíocht imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha a laghdú, agus sreabhadh na tráchta a fheabhsú.**

### Bearta 2005

Seo mar a dhéanfaidh An Garda Síochána:

1. A chinntiú go léireofar na spriocanna a leagadh amach i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar na Bóithre 2004-2006 go leormhaith i ngach plean póilíneachta rannach, ionas gur féidir an sprioc de laghdú 25% in imbhuailtí marfacha ar na bóithre a bhaint amach.
2. Na deich láthair is mó imbhuailtí a aithint i ngach roinn, agus oibríochtaí réamhghníomhacha coiscthe imbhuailtí a chur i bhfeidhm ag na láithreacha seo.
3. Uimhir na nGarda ar dhualgais tráchta lánaimseartha a mhéadú.
4. Cór Náisiúnta Tráchta a bhunú, faoi bhainistíocht dhíreach an Leas-Choimisinéara.
5. An Córas Pionóis Muirir Sheasta (C.P.M.S.) agus foinsiú allamuigh gníomhaíochtaí neamhlárnacha a fheidhmiú.
6. An méid ama a chaitheann comhaltaí den Gharda Síochána ag freastal ar na Cúirteanna.
7. Díriú ar thiománaithe óga fireannacha i bhfeachtas i ngach roinn um fheidhmiú reachtaíochta tráchta.
8. Méadú 15% a bhaint amach i mbraiteacháin le haghaidh cionta ‘ól is tiomáint’ trí bheartas feidhmithe, agus feachtais leanúnacha le spriocanna.
9. Cabhraigh le ráta géillte de 90% i gcaitheamh criosanna sábháilte a fháil trí bheartas feidhmithe.
10. Uimhir na mbraiteachán luais a mhéadú de 15% trí bheartas feidhmithe.
11. Láithreacha plódaithe tráchta a aithint i ngach roinn agus acmhainní a imscaradh dá réir.
12. Aithint mórláithreacha imbhuailtí a chorprú i gcóras leictreonach um anailís ar phatrúin, agus an fhaisnéis a gheofar a úsáid le hidirghabhálacha póilíneachta a dhearadh.
13. Oiliúint a sholáthar do phearsanra Chór Tráchta ar HGV agus ar reachtaíocht ábhartha eile.
14. Oiliúint a sholathar do phearsanra Chór Tráchta ar theicneolaíocht an Chórais Phianóis Muirir Sheasta (CPMS).
15. A chinntiú go gcuimsítear saincheisteanna tráchta agus sábháilteacht ar bhóithre ar chláir oibre na mBord Forbartha Contae agus chruinnithe den Chomhchoiste Póilíneachta.
16. A chinntiú go mbíonn rannpháirtíocht ag an Gharda Síochána ag leibhéal rannach i gcraolacháin agus i bhfoilseacháin rialta ar na meáin a dhíreoidh ar shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.
17. Iompraíocht níos sábháilte a chur chun cinn i measc úsáidirí óga na mbóithre trí chlár Scoile an Gharda Síochána.
18. Taighde a fhoinsiú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua feidhmithe reachtaíocht tráchta ar na bóithre.
19. Cúrsa oiliúna a fhorbairt agus a thriail in anailís fhóiréinseach ar imbhuailtí tráchta.
20. Oibríocht bhainistíochta tráchta a thionscnamh, cosúil le *Oibríocht Saor-Srutha*, i rith Saoire Bainc, na Nollag agus buaicthréimhsí eile i ngach ceantar uirbeach a fhulaingíonn plódú tráchta.

## Táscairí Feidhmíochta 2005

- Laghdú 25% in imbhuailtí marfacha ar na bóithre.
- Uimhir na n-imbhuailtí tráchta ar na bóithre a dtarlaíonn bás nó tromghortú dá ndeasca in aghaidh 1,000 daonra.
- Uimhir na mbraiteachán i gcás carr ar ró-luas i ngach roinn den Gharda Síochána.
- Uimhir na mbraiteachán i gcás feithiclí tráchtála ar ró-luas i ngach roinn den Gharda Síochána.
- Uimhir na mbraiteachán as gan criosanna sábháilte a bheith dá gcaitheamh i ngach roinn den Gharda Síochána.
- An méid ama a chaitheann comhaltaí den Gharda Síochána ag freastal ar na Cúirteanna.
- Uimhir na ngabhálacha i ngach roinn den Gharda Síochána le haghaidh tiomáint faoi thionchar óil.
- Uimhir na dtástálacha anála a dhéantar i ngach roinn den Gharda Síochána.
- Uimhir na n-ionchúiseamh le haghaidh tiomáint faoi thionchar Drugaí.
- Uimhir na gcásanna tiomána baolaí agus tiomána neamhchúramaí a thugtar ar aghaidh.
- Uimhir na bhfeithiclí a tógadh go neamhdhleathach agus an céatadán a fríthеadh.
- Uimhir na bhfeithiclí a urghabhadh faoi alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994.
- Uimhir na ndaoine faoi fiche cúig bliain d'aois a bhí bainteach le himbhuailtí ar na bóithre.
- Leibhéal sástachta iad siúd a bhí in imbhuailtí ar na bóithre le himscrúdú an Gharda Síochána ar imbhuailtí tráchta.
- Uimhir na laethanta a chaitear ar phóilíniú/fheidhmiú ard-infheicthe ar thrácht.
- Uimhir na laethanta a chaitear ar bhainistiú ard-infheicthe ar shreabhadh na tráchta.
- Uimhir na nGardaí tráchta sonraithe i ngach roinn den Gharda Síochána.
- Uimhir na mbraiteachán i gcás feithiclí thar an meáchain i ngach roinn den Gharda Síochána.
- Uimhir na mbraiteachán i gciontaí a raibh úsáid neamhúdaraithe de Lánaí Bus/Conair Cáilíochta Bus i gceist iontu.

## Sprioc Straitéiseach a Ceathair – Sabháilteacht Poiblí

**Slándáil phoiblí a chinntiú trí mhinicíocht mí-oird phoiblí agus iompraíocht frithshóisialta a laghdú.**

### Bearta 2005

Seo mar a dhéanfaidh An Garda Síochána:

1. Póilíniú ard-infheicthe a imscaradh ar láithreacha a n-aithnítear mar 'spotaí féideartha' oird phoiblí.
2. Aonaid oird phoiblí a imscaradh de réir mar is gá.
3. Oibreofar le grúpaí pobail agus deonacha le daoine scothaosta agus grúpaí leochaileacha eile sa sochaí a chosaint.
4. Treochtaí cionta oird phoiblí a anailísiú agus an t-uasmhéid acmhainní a imscaradh i gcaitheamh na dtréimhsí seo.
5. Síorchiontóirí oird phoiblí a aithint agus díriú orthu.
6. Síorchiontóirí a aithint agus a ionchúiseamh faoi na Dlíthe Ceadúnaithe Dí.
7. Dul i bpáirt le húinéirí/bainistíocht Áitreabh Ceadúnaithe le mí-ord poiblí a eascrann ó róthomhaltas alcóil a laghdú.
8. Dul i gcomhar le húinéirí/bainisteoirí asraonta mear bhia le teagmhais mí-oird phoiblí a laghdú.
9. Acmhainní a athbhreithniú agus a imscaradh le huasmhéid infhaighteachta a chumasú ag buaicthréimhsí.
10. Dul i gcomhairle le húdaráis phoiblí agus áitiúla ar mhaithe le deireadh a chur le tomhaltas alcóil in áiteanna poiblí.
11. Céim a haon den chlár MTCI a chríochnú trí chóras MTCI a shuiteáil sna lárionaid bhailte roghnaithe.
12. Athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna patróil is oiriúnaí le sábháilteacht phoiblí a chinntiú i gceantair uirbeacha.
13. Uimhir na veaineanna oird phoiblí ar fáil ag leibhéal roinne a mhéadú.
14. Measúnacht a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus infhaighteacht aonad oird phoiblí ag leibhéal roinne.
15. A chinntiú go mbíonn an trealamh a bhíonn ar fail d'aonaid oird phoiblí ar an gcaighdeán is airde le cosaint a thabhairt do chomhaltaí an Gharda Síochána.
16. Éide oibriúcháin agus fearas sábháilteachta atá bainteach leis a eisiúint do chomhaltaí an Gharda Síochána.

## Táscairí Feidhmíochta 2005

- Braistintí sábháilteachta an phobail, mar a léiríodh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2005.
- Uimhir na dteagmhas oird phoiblí in aghaidh 1,000 daonra.
- Uimhir na ngabhálacha le haghaidh meisciúlachta.
- Uimhir na ngabhálacha le haghaidh ionsaithe.
- Uimhir na ngabhálacha as gan déanamh de réir theoracha Garda.
- Uimhir na n-arm troda a urghabháladh.
- Uimhir na mbraiteachán faoi Altanna 31, 32, 33 den Acht um Dheoch Mheisciúil.
- Uimhir na gcoireanna foréigneacha (agus sainmhíniú ar Choir Fhoréigneach a bheith san áireamh) in aghaidh 1,000 daonra agus céatadán braite.
- Uimhir na n-ionsuithe ar dhaoine scothaosta (> seasca cúig bliana d'aois) agus uimhir na ndaoine a ionchúisíodh.
- Uimhir na Scéimeanna Faire Comharsanachta agus Pobal ar Aire atá i bhfeidhm, agus uimhir na gcruinnithe a seoladh.
- Uimhir na gclár MTCI a tugadh chun críche.
- Uimhir na gcoireanna a rinneadh in aghaidh turasóirí.
- Uimhir na n-idirghabhálacha Garda ag mórimeachtaí mar cheolchoirmeacha, cluichí srl.
- Uimhir na n-ionchúiseamh i gcás sealbhóirí ceadúnas faoi na dlíthe ceadúnaithe.
- Uimhir na n-iarratas ar orduithe dúnta i dtaca le háitreabh ceadúnaithe.
- Tosú ar éide oibriúcháin agus fearas sábháilteachta nua oibriúcháin a eisiúint sa chéad leath de 2005.

## Sprioc Straitéiseach a Cúig – Muinín an Phobail

**Muinín an phobail sa Gharda Síochána a mhéadú.**

### Bearta 2005

Seo mar a dhéanfaidh An Garda Síochána:

1. Freagairt láithreach a chinntiú ar ghlaonna éigeandála ar chúnamh.
2. Suirbhé ar shástacht/mhuinín an phobail sa Gharda Síochána ag leibhéal roinne.
3. Gearáin sheirbhíse a réiteach go sásúil ag leibhéal áitiúil trí bhainistíocht áitiúil.
4. A chinntiú go dtugann Oifigigh Dúiche aiseolas do ghearánaithe laistigh de 30 lá i ngach cás mar a bhfuil réiteach oiriúnach.
5. Uimhir na ngearán seirbhíse a laghdú.
6. Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí suirbhé náisiúnta a rinneadh in 2004 ar thaithí dhaoine óga ar chaidreamh leis na Gardaí, ar íospairteachas agus ar chiontacht agus beart cuí a dhéanamh.
7. Measúnacht ar inniúlacht agus riachtanais na hEagraíochta um Chaidreamh Poiblí.
8. Torthaí na treoirscéime ar réiteach coimhlinte a athbhreithniú agus síneadh a chur le hoiliúint.
9. Measúnacht ar éifeachtúlacht an chórais faoin gcuirtear litreacha chuig íospartaigh choireachta a chuimsiú sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2005.
10. Iniúchóireacht a dhéanamh ar ghearáin lena bpríomhthrúigeanna agus a scaipeadh geografach a aithint.
11. Tógáil ar thorthaí Suirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail 2004 agus rátaí sástacha leis na nGarda Síochána a mhéadú.
12. Beart íocshláinteach a bhreithniú bunaithe ar thorthaí na mBinsí Fiosrúcháin Poiblí.
13. Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána a leathnú agus iniúchtaí níos fócasaithe agus níos tráthúla a chinntiú.
14. Oiliúint bhainistíochta sa Gharda Síochána a athbhreithniú.
15. Ról na gCoimisinéirí Cúnta réigiúnacha a athbhreithniú.
16. Líon foriomlán an Gharda Síochána a mhéadú de réir bheartas an Rialtais.
17. Leathnú a dhéanamh ar an inniúlacht oiliúna leis na huimhreacha méadaithe a éascú.
18. Buiséad bliantúil an Gharda Síochána a bhainistiú le spriocanna straitéiseacha ráite a bhaint amach.

## Táscairí Feidhmíochta 2005

- Cuóta earcaíochta 2005 a bhaint amach de réir spriocanna an Rialtais.
- Céatadán na nglaonna éigeandála a freagraíodh laistigh de 15 nóiméad.
- Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail a dhéanamh in 2005.
- Measúnú a dhéanamh ar chaighdeán freagartha an Gharda Síochána i dtéarmaí tráthúlachta, cabhrachais, íogaireachta, dea-bhéasa agus spéise.
- Uimhir na ngearán a rinneadh in aghaidh comhaltaí den Gharda Síochána
- Méadú a dhéanamh ar uimhir na dtarchur chuig Tacaíocht Íospartach.
- Measúnú a dhéanamh ar rátaí sástachta i measc íospartach coireachta maidir lena gcoimeád ar an eolas faoin dhul chun cinn a gcás.
- Rannpháirteachas ar Bhoird Forbartha Cathrach agus Contae, R.A.P.I.D. agus scéimeanna áitiúla pobalthreoraithe.
- Measúnacht a dhéanamh ar bhraistint an phobail i leith fheidhmíocht an Gharda Síochána ag an leibhéal áitiúil (roinnte de réir seilbh tithíochta), bealach Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail.
- Measúnacht a dhéanamh ar bhraistint an phobail ghnó ar fheidhmíocht an Gharda Síochána ag an leibhéal áitiúil (roinnte ina bhfiontair miondíola, déantúsaíochta, airgeadais, agus seirbhíse), bealach Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail.
- Riar d’am an Gharda a chaitear ar dhualgas allamuigh.
- Uimhir na nGardaí atá ar fáil le haghaidh dualgais oibriúcháin in aghaidh 1,000 daonra.
- Céatádán sástachta le freagairt ar theagmhais ar ghá freagairt láithreach i ngach roinn. A chinntiú go ndeimhnítear/mbailíochtar gach iontráil PULSE laistigh de sheachtain ó dheireadh gach ceathrún.
- An ráta cruinnis i ngabháil sonraí PULSE a mhéadú, bealach Bhord Cáilíochta PULSE, de 5 faoin gcéad.
- Tráthúlacht iontrálacha sonraí a mhéadú de 5 faoin gcéad.
- Iomláine bhonnachar sonraí PULSE a chinntiú trí athbhreithniú gníomhach ar thaifid.
- Feasacht a mhéadú i leith caighdeán na seirbhíse a sheachadann An Garda Síochána.
- Tuilleadh oibre a dhéanamh ar na treoirscéimeanna Samhail Feabhais EFQM ag Coláiste an Gharda agus i Réigiún Chathrach Bhaile Átha Cliath Lár Theas.
- Sástacht leis an gcaoi a láimhseáladh fiosrú fóin, luas freagartha, ar thug an freagraí ainm an stáisiúin, agus ar thug sí/sé a (h)ainm.
- Céatadán na nglaonnna 999 a freagraíodh laistigh de 10 soicind.
- Céatadán na litreacha a freagraíodh laistigh de dheich lá oibre.
- Réamh-mheastacháin airgeadais a choimeád laistigh de bhuiséid i gcás gníomhaíochtaí póilíneachta pleanáilte.

## Sprioc Straitéiseach a Sé – Éagsúlacht Eitneach agus Cultúrtha

**Inniúlacht an Gharda Síochána a neartú le riachtanais phóilíneachta atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh i dtaca lenár bpobail eitneacha agus ilchultúrtha.**

### Bearta 2005

Seo mar a dhéanfaidh An Garda Síochána:

1. Faisnéis agus tuiscint a fhorbairt a thugann léargais ar riachtanais agus leasa uathúla ár ngrúpaí éagsúla eitneacha agus cultúrtha trí straitéis forbartha beartais ilpháirtí leasmhar a choimisiúnú.
2. Uimhir na dteagmhas le bunús ciníoch a ríomh tríd an gcóras PULSE.
3. Iarratais ar iontráil san eagraíocht a mhisniú ó bhaill ghrúpaí mionlaigh eitneacha agus creidimh.
4. Taighde a dhéanamh ar na bacainní atá cheana ann agus a d'fhéadfadh cosc a chur le baill grupaí mionlaigh eitneacha dul isteach sa Gharda Síochána.
5. Deireadh a chur le bacainní cultúrtha agus bonneagair a d'fhéadfadh baill ghrúpaí mionlaigh creidimh agus eitneacha a chosc ar dhul isteach sa Gharda Síochána.
6. Tabhairt faoi oiliúint i bhfrithchiníochas agus éagsúlacht chultúrtha le leibhéal eolais a mhéadú.
7. Socruithe muiníne agus comhoibritheacha a chruthú le mionlaigh chreidimh agus eitneacha bealach Oifig Ciníochais agus Idirchultúrtha an Gharda Síochána.
8. Tuarascáil Ionann* a fhoilsiú in éineacht le plean gníomaíochta an Choimisinéara.
9. Coiste comhairleach leathanbhonn a bhunú le saincheisteanna eitneacha agus cultúrtha a fhaireachán.
10. A chinntiú go mbíonn feasacht ar chearta an dhuine mar dhlúthchuid i ngach oiliúint a dhíríonn ar fheidhmiú cumhachtaí póilíní.
11. Comhairliúchán leanaúnach a chinntiú do ranna imeallaithe an sochaí.
12. Oifigigh idirchaidrimh le haghaidh pobal mionlaigh chreidimh/eitneacha a imscaradh i ngach roinn.

* Iniúchadh straitéiseach Póilíneachta agus Chearta an Duine a choimisiúnaigh An Garda Síochána í 2004.

## Sprioc Straitéiseach a Sé – Éagsúlacht Eitneach agus Cultúrtha

### Táscairí Feidhmíochta 2005

- Leibhéil shástachta le seirbhís an Gharda Síochána a sholáthraítear do bhaill ghrúpai eitneacha/creidimh mar a léirítear sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail don tréimhse seo.
- Uimhir na ngearán ó bhaill grúpaí mionlaigh eitneacha/creidimh maidir le seirbhís an Gharda Síochána.
- Uimhir na dteagmhas tuairiscithe le bunús ciníoch.
- Céimeanna tógtha le baill pobal eitneach a mhisniú le dul isteach sa Gharda Síochána.
- Céimeanna tógtha le deireadh a chur le bacainní a shrianaíonn iontráil sa Gharda Síochána.
- Tuilleadh feabhsuithe ar sheirbhís an Gharda Síochána i gcúrsaí inimirce do gach catagóir daoine.
- An méid idirghníomhaíocht mhéadaithe náisiúnta, idir pobail eitneacha agus Oifig Chiníoch agus Idirchultúrtha an Gharda Síochána, agus go háitiúil le hOifigigh Idirchaidrimh Eitneach.
- Feabhas á chur ar an inniúlacht teangacha iasachta laistigh den Gharda Síochána.
- Uimhir na gcomhaltaí den Gharda Síochána a thugann faoi chúrsaí i dteangacha iasachta.
- Bonnachar sonraí scileanna teanga a bhunú.
- Uimhir na gcomhchruinnithe idir grúpaí eitneacha/creidimh agus An Garda Síochána.

| 2005 Athbhreithnithe ar Bheartas | | Cúram |
|---|---|---|
| 1 | Athbhreithnigh foinsiú allamuigh i gcás tascanna neamhlárnacha. | Aonad Taighde an Gharda Síochána |
| 2 | Athbhreithnigh malairt socraithe le haghaidh stóráil feithiclí arna urghabháil faoi Alt 41, Acht um Thrácht ar Bhóithre. | Coimisinéir Cúnta, Réigiún Chathrach Bhaile Átha Cliath |
| 3 | Athbhreithnigh an bhféadfaí comhaltaí ar scor a úsáid ar bhonn conartha do dhualgais Giolla Stáisiúin/iontráil sonraí PULSE srl. | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna. |
| 4 | Anailísígh céatadán na mbraiteachán le haghaidh ró-luas agus cionta eile ar bhóithre nach mótarbhealaigh iad. | An Biúro Náisiúnta um Tráchta an Gharda Síochána. |
| 5 | Smaoineamh ar gach comhalta in éide a bheith in éide i gcónaí. | Leas-Choimisinéir, Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainní. |
| 6 | Athbhreithniú ar chineachadh feidhmeanna áirithe Acmhainní Daonna chuig leibhéal Réigiúnach agus Roinne i gcomhar le forbairt lámhleabhair Acmhainní Daonna, a leagfaidh amach na riachtanais go léir a bhaineann le cleachais dhearfacha um Bainistíocht Acmhainní Daonna. | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna. |
| 7 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir tacaíochta riaracháin shibhialtach de dhíth ar fud na heagraíochta le hinniúlachtaí oib-riúcháin póilíneachta a neartú. | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna. |
| 8 | Athbhreithniú a dhéanamh ar Ghéilliúlacht Bheartas do Chaighdeáin Chearta an Duine. | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna. |
| 9 | Athbhreithniú ar fheidhmiú caighdeán cáilíochta ar iompraíochtaí seirbhíse ag pointí teagmhála le saoránaigh. | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna. |
| 10 | Scrúdú ar shástacht le seirbhís an Gharda Síochána d'íospartaigh foréigin ar baill den Lucht Siúil, neamhnáisiúnaigh nó daoine le míchumais iad. | Aonad Taighde an Gharda Síochána. |
| 11 | Imbhuailtí tráchta a mbíonn feithiclí an Gharda Síochána páirteach iontu – scrúdú ar thréithe cáis, cúiseanna agus iarmhairtí ar mhaithe le huimhir na dtimpistí a laghdú agus sábháilteacht a mhéadú. | Coimisinéir Cúnta, Straitéis agus Seirbhísí. |
| 12 | Suirbhé ar dhaoine óga – síneadh ar threoirshuirbhé 2004 ar dhearcadh i leith an Gharda Síochána agus idirghníomhacht leo. | Coimisinéir Cúnta, Straitéis agus Seirbhísí. |
| 13 | Imscaradh Oifigeach Inimirce, in éide, ag pointí iontrála. | Coimisinéir Cúnta, Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta. |
| 14 | Úsáid pearsanra neamhGharda chun críocha neamhnáisiúnaigh a thionlacan amach as an Stát. | Coimisinéir Cúnta, Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta. |
| 15 | Athbhreithniú ar Roinn Teileachumarsáide / FT an Gharda Síochána. | Coimisinéir Cúnta, Straitéis agus Seirbhísí. |
| 16 | Athbhreithniú ar oiliúint bhainistíochta in An Gharda Síochána. | Leas-Choimisinéir, Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainní. |
| 17 | Athbhreithniú ar bheartas ar láimhseoirí gníomhaire. | Leas-Choimisinéir, Oibríochtaí. |
| 18 | Athbhreithniú ar ról an Choimisinéara Cúnta. | Leas-Choimisinéir, Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainní. |
| 19 | Athbhreithniú ar Bheartas Tionachta agus Inimirce. | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna. |

## Conas Teagmháil Linn

Fearfaimid fáilte roimh thuairimí i dtaobh na ngealltanas a thugtar anseo nó i dtaobh chaighdeán ár seirbhíse i gcoitinne. Más mian leat teagmháil linn nó eolas breise a fháil teagmhaigh leis

An Leas-Choimisinéir,
Bainistíocht Straitéiseach agus Acmhainní,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Páirc an Fhionnuisce,
Baile Átha Cliath 8.

Teileafón 01. 6662078
Faics: 01. 6662084
Ríomhphost srmstaff@iol.ie

Tig leat cuairt a thabhairt orainn, glao ar an bhfón, nó fax a chur chugainn ag aon cheann de na Ceanncheathruithe Roinne a liostaítear thíos. Tá raon leathan eolais ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag **http://www.garda.ie/** mar aon le tuarascálacha agus cáipéisí an Gharda Síochána, sonraí earcaíochta, agus na straidrimh is déanaí um shábháilteacht ar na bóithre. Tá uimhir ghutháin dod stáisiún áitiúil san eolaire gutháin, nó ag 11811. Is é 1800-250-025 an uimhir do **Crimestoppers**. Is é 1800-666-111 líne rúnda an Gharda

**Pointí Teagmhála Custaiméara Roinne**

| Roinn | Ceanncheathrú na Roinne | Uimhir Ghutháin an Stáisiúin | Uimhir Faics an Stáisiúin |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach/Cill Dara | *Nás na Ríogh* | 045 – 884300 | 045 – 884382 |
| An Cabhán/Muineachán | *Muineachán* | 047 – 77200 | 047 – 77283 |
| An Clár | *Inis* | 065 – 6848100 | 065 – 6848183 |
| Cathair Chorcaí | *Sráid Anglesea* | 021 – 4522000 | 021 – 4522083 |
| Corcaigh Thuaidh | *Fear Maí* | 025 – 82100 | 025 – 82183 |
| Corcaigh Thiar | *Bandan* | 023 – 52200 | 023 – 52283 |
| Dún na nGall | *Litir Ceanainn* | 074 – 9122222 | 074 – 9122606 |
| Réigiún Chathair Átha Cliath (Thu) | *Seantrabh* | 01 – 6664000 | 01 – 6664040 |
| Réigiún Chathair Átha Cliath (LárThu) | *Sráid Stórais* | 01 – 6668000 | 01 – 6668040 |
| Réigiún Chathair Átha Cliath (LárThe) | *Sráid an Phiarsaigh* | 01 – 6669000 | 01 – 6669040 |
| Réigiún Chathair Átha Cliath (Theas) | *Croimghlinn* | 01 – 6666200 | 01 – 6666240 |
| Réigiún Chathair Átha Cliath (Thoir) | *Dún Laoghaire* | 01 – 6665000 | 01 – 6665040 |
| Réigiún Chathair Átha Cliath (Thiar) | *Baile Bhlainséir* | 01 – 6667000 | 01 – 6667040 |
| Roinn Réigiúnach Tráchta, Bhaile Átha Cliath | *Caisleán Átha Cliath* | 01 – 6669800 | 01 - 6669801 |
| Gaillimh Thiar | *Gaillimh* | 091 – 538000 | 091 – 636403 |
| Ciarraí | *Trá Lí* | 066 – 7122022 | 066 – 7102383 |
| Laois/Ua bhFailí | *Port Laoise* | 0502 – 74100 | 0502 – 74104 |
| Luimneach | *Sráid Anraoi* | 061 – 212400 | 061 – 212483 |
| Longphort/An Iarmhí | *An Muileann gCearr* | 044 – 84000 | 044 – 84083 |
| Lú/An Mhí | *Droichead Átha* | 041 – 9838777 | 041 – 9836919 |
| Muigh Eo | *Caisleán an Bharraigh* | 094 – 9038200 | 094 – 9038283 |
| Ros Comáin/Gaillimh Thoir | *Ros Comán* | 090 – 6638300 | 090 – 6638383 |
| Sligeach/Liatroim | *Sligeach* | 071 – 9142031 | 071 – 9157083 |
| Tiobrad Árann | *Dúrlas Éile* | 0504 –25100 | 0504 – 25183 |
| Port Láirge/Cill Chainnigh | *Port Láirge* | 051 – 305300 | 051 – 305383 |
| Loch Garman/Cill Mhantáin | *Loch Garman* | 053 – 65200 | 053 – 65283 |